Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 40

# Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, agus ar dheontais a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €118.6 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Is mian liom aird a tharraingt ar roinnt míreanna a bhaineann leis an gCuntas Leithreasa don bhliain 2020 maidir le hoibríochtaí na Roinne. Baineann siad sin le hathruithe ar chomhdhéanamh agus freagrachtaí na Roinne mar thoradh ar fheidhmeanna a aistriú, agus ar na tionchair a d'imir paindéim Covid-19 ar oibríochtaí agus rialuithe na Roinne. Tugtar cuntas ar shaincheisteanna suntasacha an dá earra sin i míreanna thíos agus léirítear iad, chomh maith, sna nótaí ábhartha leis an gcuntas.

***Aistriú feidhmeanna***

Athainmníodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige tar éis an aistrithe feidhmeanna an 14 Deireadh Fómhair 2020. Sannadh beagnach gach ceann d'fhreagrachtaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, anuas ar fheidhmeanna breise maidir le comhionannas, lánpháirtíocht agus cosaint idirnáisiúnta, don Roinn athainmnithe.

Aistríodh dhá chlár caiteachais maidir le comhionannas, lánpháirtíocht agus cosaint idirnáisiúnta chuig an Roinn seo ón Roinn Dlí agus Cirt. Aistríodh líon beagán ní ba lú d'fheidhmeanna maidir le saincheisteanna ceartais óige áirithe ón Roinn seo chuig an Roinn Dlí agus Cirt.

Agus aird á tabhairt ar aistriú na bhfeidhmeanna agus ar an Roinn athstruchtúraithe, bhain an meastachán don Vóta Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le bliain iomlán 2020 agus cuirtear an cuntas i láthair ar an mbunús sin i gcomhréir le halt 24 den Exchequer and Audit Department Act, 1866.

Ghlac an Roinn le freagrachtaí suntasacha breise mar thoradh ar an aistriú feidhmeanna. Anuas ar na feidhmeanna tábhachtacha reatha sna réimsí um chosaint agus leas leanaí, cosc agus luath-idirghabháil, uchtáil, tacaí teaghlaigh, luathfhoghlaim agus cúram leanaí, seirbhísí don ógra agus ceartas i leith an aosa óig, agus eispéiris na nglún roimhe seo, chuir an Roinn mór-réimsí beartais an chomhionannais, na lánpháirtíochta, na cosanta idirnáisiúnta agus an mhíchumais san áireamh freisin le linn 2020.

Leis na feidhmeanna breise sin a éascú, chuaigh na hacmhainní a chuirtear ar fáil don Roinn i méid freisin maidir le maoiniú, soláthar foirne agus cóiríocht. Cleachtadh dúshlánach a bhí san aistriú feidhmeanna a chur i gcrích, go háirithe nuair a chuirtear na brúnna breise ar leith a chruthaigh paindéim Covid-19 san áireamh.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, mar atá leagtha amach aga an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Dímheas***

Tá Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh dílsithe san Aire agus san áireamh i sócmhainní caipitil mar thalamh agus foirgnimh. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% sa bhliain ar bhonn líne dírí thar a saolré fhónta mheasta. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% sa bhliain.

***Íocaíochtaí le Pobal***

Déantar cistí a réamhíoc le Pobal i ndáil le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Íocann Pobal cistí nach dteastaíonn (e.g. mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis) ar ais leis an Roinn. Déantar an ghlansuim a réamhíoctar le Pobal sa bhliain a mhuirearú i gcoinne na bhfotheideal ábhartha sa bhliain (féach nóta 6.1).

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m’oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais na gcomhaontuithe seirbhíse idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte chun seirbhísí comhroinnte TFC a sholáthar, agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam freisin faoi nósanna imeachta airgeadais poiblí maidir leis na seirbhísí TF a sholáthair an Roinn Dlí agus Cirt maidir le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Sláinte agus na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe iomchuí a fheidhmiú chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo. Fuair Stiúrthóir Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh litir dhearbhaithe ó Cheann na Bainistíochta Faisnéise agus na Teicneolaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt chun seirbhísí TFC a sholáthar.

***Seirbhísí gníomhaireachta***

Riarann Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne i measc raon clár luathbhlianta agus raon clár gaolmhar a bhaineann leis an óige. In 2020, réamhíocadh glanchistiú €518 milliún le Pobal ina leith sin (nóta 6.1).

Tá an caidreamh idir an Roinn agus Pobal á rialáil ag comhaontú seirbhíse (CS) uileghabhálach a chruthaíonn an tuiscint ghinearálta a bhaintear as comhthéacs, cuspóirí, téarmaí agus coinníollacha an chaidrimh idir an dá pháirtí. Mairfidh an comhaontú reatha go dtí an 31 Nollaig 2022. Bhí athbhreithniú ar an CS le déanamh in 2020 ach ní dhearnadh é mar gheall ar thionchair phaindéim Covid-19 ar ghníomhaíochtaí pleanáilte. Ina ionad sin, tabharfaidh an Roinn agus Pobal faoin athbhreithniú in 2021, i gcomhréir leis an bpróiseas sonraithe a comhaontaíodh idir an dá pháirtí.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Cuireann daoine de lucht bainistíochta na Roinne a n-ainm le ráitis dearbhaithe rialaithe airgeadais maidir lena réimsí aonair freagrachta. Cuirtear na ráitis sin ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta agus an cuntas leithreasa á thabhairt chun críche.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí agus go n-oibrítear é i gcomhréir le Cairt scríofa atá faofa agamsa. Cuireann anailís ar na rioscaí a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil d’obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Buailim leis an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta ó thráth go chéile. Déanann Bord Bainistíochta na Roinne plé ar mhiontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta.

Cuntasóir gairmiúil é an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí (an CII) agus méadaíodh an líon foirne le beirt Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus beirt Oifigeach Feidhmiúcháin, a chur san áireamh. Anuas ar an soláthar foirne buan, tacaíonn seirbhísí iniúchóireachta leis an bhfeidhm iniúchóireachta, a soláthraíonn conraitheoir seachtrach iad. Tugtar faoi iniúchtaí de réir chaighdeáin RCPA/Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Rinne Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha (CIIA) athbhreithniú seachtrach ar cháilíocht ar an bhfeidhm i mí Feabhra 2020 agus ba é an tátal a baineadh as ná gur "chloígh sé go mór, tríd is tríd, leis na caighdeáin".

Chuir mé m'ainm leis an bPlean Iniúchóireachta Inmheánaí don bhliain 2020 i mí Feabhra 2020. Cheadaigh mé Plean Iniúchóireachta Inmheánaí leasaithe i mí an Mheithimh 2020 ina gcuirtear san áireamh an tírdhreach ar ar tháinig athrú ó bhonn mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

D'eisigh an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí naoi dtuarascáil in 2020. Níor luadh tuairim iniúchóireachta 'dearbhú ar bith' ná 'dearbhú teoranta' uair ar bith.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha agus moltaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Sholáthair an Roinn sonraí faoi na conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás an mhéid seo a leanas

- 151 chonradh ar a raibh comhluach €91,068,052 a bhaineann le cóiríocht cosanta idirnáisiúnta a sholáthar
- bhain conradh amháin ar a raibh luach €29,600 leis an gCoimisiún Imscrúdúcháin Árais Máithreacha agus Naíonán
- conradh amháin ar a raibh luach €74,385 maidir leis an gcóras airgeadais a aistriú chuig an Roinn seo. Rinne an Roinn Sláinte an córas sin a bhainistiú roimhe sin don Roinn.

Bhí gach conradh, seachas conradh amháin thuas, ann nó lean conarthaí a bheith i bhfeidhm agus aistríodh iad chuig an Roinn. Bhí 151 chonradh mar chuid den aistriú feidhmeanna agus bhí ceann amháin mar chuid d'aistriú seirbhíse.

I dtaobh conarthaí a bhaineann le cóiríocht cosanta idirnáisiúnta, bhí an iar-Roinn faoin tuairim '…go dtugtar faoi sheirbhísí cóiríochta, nuair is féidir, trí úsáid a bhaint as próiseas iomaíoch. Fógraítear gach riachtanas cóiríochta d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta go poiblí i nuachtáin náisiúnta agus áitiúla. Próiseas oscailte é a bhfuil daoine den phobal incháilithe iarratas a dhéanamh air. Tar éis freagraí a fháil, déantar iad a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil an chóiríocht a bheartaítear oiriúnach agus go gcomhlíonann sí riachtanais na Roinne.'

D'ainneoin dhearcadh na hiar-Roinne go raibh na conarthaí 'iomaíoch' agus go bhféadfadh nach gcuirfí ar áireamh iad ar chiorclán 40 de thuairisceán bliantúil 2002, ní deimhin liom go bhfuil soláthar na gconarthaí lenar bhain lánchomhlíontach. Dá réir sin, ós rud é go bhfuil an fhreagracht as na conarthaí seo aistrithe chuig an Roinn seo anois, tabharfar faoi bhearta le staid na gcúrsaí a shoiléiriú agus le nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le comhlíonadh feabhsaithe a chinntiú in 2021.

Tá míniú ar na cúinsí a bhaineann leis na saincheisteanna sin i mo thuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40 de 2002.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn creat beartais cuimsitheach bainistíochta riosca i bhfeidhm. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca, ina bhfuil gach ball den Bhord Bainistíochta, riosca a fhormhaoirsiú. Déanaimse cathaoirleacht ar an gCoiste mar Oifigeach Cuntasaíochta. Déanann an Coiste athbhreithniú foirmiúil ar riosca ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn míosúil ar leibhéal aonaid aonair.

Is éard a bhaineann leis an gcóras bainistíochta riosca ná riosca ar fud na Roinne a shainaithint agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí siúd a mhaolú.

Tacaíonn clár rioscaí leis an gcóras ina sainaithnítear na príomhrioscaí corparáideacha agus na rioscaí ar leibhéal aonaid atá roimh an Roinn, agus déantar gach ceann a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a dtabharfar fúthu chun riosca a mhaolú. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil.

Tacaíonn ráiteas inghlacthachta riosca leis an gcóras freisin, atá i bhfeidhm don Roinn. Cé go bhfuilimid sásta glacadh le rioscaí rialaithe chun deiseanna nua a thapú agus bealaí nuálacha a aimsiú chun ár gcuspóirí a thabhairt chun cinn, ní ghlacfaimid a thuilleadh le rioscaí a sháraíonn ár nósanna imeachta oibriúcháin nó ár gceanglais rialála.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht bainistíochta agus an Bord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha airgeadais na Roinne curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim Covid-19***

Dhírigh an fhoireann ardbhainistíochta agus aonaid ghnó ar fud na Roinne go príomha ar mheasúnú a dhéanamh ar thionchar Covid-19 ó thús na paindéime i leith. Tugadh faoi thionchair Covid-19 a mheasúnú agus a bhainistiú trí Aonad Bainistíochta Freagartha Covid-19 a bhunú (ina bhfuil Bainistíocht Saoráidí).

Déanann an Roinn liosta rioscaí corparáideacha a choimeád, a ndéanann an Coiste Riosca é a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil. Cuireadh riosca corparáideach sonrach Covid-19 ar áireamh in 2020 le tionchar Covid-19 a léiriú ar chumas na Roinne, agus comhlachtaí faoina coimirce, leanúint le feidhmiú mar is gnách agus seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh.

Áirítear an méid seo a leanas leis na maoluithe, na rialuithe agus na gníomhartha bainistíochta éagsúla ar tugadh fúthu ón mbriseadh amach.

- Bunaíodh Coiste Freagartha Covid-19 i mí an Mhárta 2020 chun freagairt na Roinne a chomhordú agus tuairisciú a dhéanamh ar fhreagairtí gníomhaireachta. Rinneadh cathaoirleacht ar an gCoiste ar leibhéal an Rúnaí Chúnta agus bhí ionadaithe don Fhoireann Ardbhainistíochta ó gach Rannán ann.

- Tugadh faoi mheasúnuithe riosca agus sainaithníodh feidhmeanna ríthábhachtacha misin chun tacú le leanúnachas gnó agus sainaithníodh príomhphearsana agus tugadh tacaíocht dóibh leis an gcéanna a chinntiú.
- Bunaíodh Aonad Freagartha Covid-19, faoi stiúir ag leibhéal an Phríomhoifigigh, chun tacú leis an bhfoireann oibriú go cianda agus pleanáil a dhéanamh d’fhilleadh sábháilte ar an bhfoirgneamh ar aon dul leis an bprótacal ón Rialtas *um Fhilleadh go Sábháilte ar an Obair*.
- Cuireadh an treoir náisiúnta ábhartha go léir i bhfeidhm, treoir ina measc a d’eisigh Roinn an Taoisigh, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Roinn Sláinte agus FSS.
- Leanadh le príomhrialuithe íocaíochta a chur ar fáil i rith na paindéime agus rinneadh leasuithe ar phróisis áirithe le foirmeacha íocaíochta agus feidhmeanna airgeadais a cheadú ó chian.
- Lean an Bord Bainistíochta le formhaoirseacht dhlúth leanúnach a dhéanamh ar thionchar Covid-19 ar an Roinn agus ar chomhlachtaí faoina coimirce, agus coimeádadh an tAire go hiomlán ar an eolas.
- Rinneadh ionadaíocht don Roinn ag coistí éagsúla lárnacha faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fhreagairtí uile na Roinne do Covid-19, an Grúpa Oifigeach Sinsearach (a dhéanann tuairisciú don Choiste Comh-Aireachta), an Grúpa Cumarsáide agus na grúpaí Earnála Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí ina measc.
- Tugadh an trealamh don fhoireann ar fad chun oibriú as baile, agus cuireadh socruithe i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir leanúint le gnó na Roinne gan cur isteach go suntasach air. Tacaíodh leis na baill foirne go léir trí líonra feabhsaithe cumarsáide cianda.
- Ní raibh ach líon beag ball bunriachtanach foirne i láthair go fisiciúil in oifigí na Roinne, agus bhí prótacail dhiana i bhfeidhm don fhreastal siúd.
- Leanadh le teagmháil dhlúth a dhéanamh le gach comhlacht faoi choimirce na Roinne, agus rinneadh measúnú ar thionchar Covid-19 ar sheirbhísí agus cuireadh bearta freagartha i bhfeidhm nó tacaíodh leo, nuair ba ghá.
- Díríodh go láidir ar gach saincheist soláthair seirbhíse a rinne difear don Roinn agus do chomhlachtaí faoina coimirce, agus leagadh béim ar leith, ina theannta sin, ar shaoráidí cúraim leanaí a athoscailt agus ar leanúnachas an tsoláthair seirbhíse ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach do leanaí leochaileacha agus a dteaghlach.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

*Luathbhlianta — rialacha cláir a chomhlíonadh*

D'imir Covid-19 tionchar suntasach ar scéimeanna éagsúla Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (FCL) agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile (CLAS) a oibriú. Dúnadh gach seirbhís FCL agus CLAS ó lár mhí an Mhárta go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2020. D'imir an leibhéal laghdaithe oibríochta tionchar suntasach ar chaiteachas scéime agus ar ghníomhaíocht sceidealaithe comhlíonta ar aon dul le srianta Covid-19. Mar gheall go n-oibrítear scéimeanna, tríd is tríd, ar aon dul leis an mbliain acadúil, tugadh na cuairteanna comhlíonta ar an láthair in 2019/20, tríd is tríd, chun críche i lár mhí an Mhárta.

Lena chinntiú gur thit méid éigin de ghníomhaíocht chomhlíonta amach, ceapadh cur chuige comhlíonta deascbhunaithe don chuid eile den bhliain 2020 agus isteach in 2021 mar gheall ar thionchair leanúnacha Covid-19. Cuireadh tús le seiceálacha deascbhunaithe i mí na Samhna 2020, ach cuireadh stop leo ina dhiaidh sin ó mhí Eanáir 2021 go lár mhí Aibreáin 2021 sa tríú babhta den phaindéim, sular atosaíodh iad. Leanadh le gach ceann de na scéimeanna FCL agus CLAS a chistíonn an Roinn a íoc i rith thimthriall clár 2020/21 agus díríodh ar scéim Chlár an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí (CCSP) lenar bhain riosca ní b'airde agus rinneadh tástáil freisin ar scéim COLÓ sa tréimhse ó mhí Aibreáin 2021 go mí an Mheithimh 2021 freisin. Aithnítear go mbaineann teorainneacha riaracháin le seiceálacha deascbhunaithe ós rud é go dtugtar fúthu amach ón láthair. Rinneadh cinneadh faoi raon tástálacha, áfach, agus díríodh ar dhearbhú réasúnach a fháil gur úsáideadh cistí an Státchiste do na cuspóirí a beartaíodh chomh maith le féindearbhuithe a lorg ó sholáthraithe seirbhíse maidir le cloí le rialacha agus coinníollacha conartha. Tá tionchair ann freisin a imríonn gníomhaíocht bhreise chomhlíonta/fíoraithe a eascraíonn as scéimeanna cistithe nua, cosúil leis an Scéim Cúraim Leanaí Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSCS), Íocaíocht Tacaíochta Athoscailte (RSP), íocaíocht Tacaíochta Oibriúcháin Covd-19 (COSP) agus Deontas Caipitil Covid-19, a forbraíodh chun tacú le seirbhísí tríd an ngéarchéim. Tá seiceálacha comhlíonta ar scéimeanna Covid-19 ar bun go leanúnach agus tá siad ag titim amach i gcomhthráth leis na scéimeanna cistithe tairbhithe.

B'ábhar buartha le blianta beaga anuas é rialacha cláir a chomhlíonadh sna scéimeanna íocaíochta níos sine. Ba iad saincheisteanna áirithe leagáide agus dearadh rialacha na mbunscéimeanna ba phríomhchúis leo sin a forbraíodh diaidh ar ndiaidh i gcaitheamh tréimhse ama. Leanadh le béim a chur ar fheabhas a chur ar chomhlíonadh i rith 2020. I dtimthriall cláir 2019/2020 (ó mhí Mheán Fómhair 2019 go mí Lúnasa 2020), lean cur chuige na Roinne i leith na feidhme comhlíonta ag díriú ar na réimsí a chruthaigh an baol féideartha ba mhó do mhaoiniú Státchiste. Áiríodh leis sin díriú ar chonarthaí ardluacha agus ar sheirbhísí ina raibh ró-éileamh ina shaincheist roimhe seo. Chuir an cur chuige sin feabhas ar chosaint fhoriomlán chistí an Státchiste; i gcás gur sainaithníodh ró-éileamh, rinneadh é a aisíoc go rialta ansin.

Tugadh scéimeanna isteach chun tacú le seirbhísí le linn phaindéim Covid-19, lenar áiríodh Scéim Cúraim Leanaí Fóirdheontais Pá Shealadaigh (TWSCS) a tugadh isteach go díreach tar éis gur dhúnadh na seirbhísí go léir an 12 Márta 2020. Forbraíodh an scéim ar bhonn sealadach éigeandála agus rialaigh conradh le soláthraithe í. Cuireadh seiceálacha réamhíocaíochta chun feidhme chun dearbhú a sholáthar i dtaca leis an leibhéal cistithe a tugadh do sheirbhísí. Tá an TWSCS dúnta anois. Fad a bhí an scéim á forbairt go tapa, rinneadh réamhíocaíochtaí leis an earnáil le maoiniú leantach a chinntiú. Mar thoradh air sin, íocadh maoiniú breise le roinnt soláthraithe, a raibh thart ar €3.4 milliún de le forchúiteamh go fóill ag deireadh 2020 agus bhí thart ar €0.526 milliún le híoc go fóill amhail mí Lúnasa 2021. Tabharfar an próiseas sin chun críche a luaithe agus is féidir. Tosaíodh seiceálacha fíoraithe iar-íocaíochta ar shampla de sholáthraithe rannpháirteacha go déanach in 2020 agus sínfear seo le sampla níos fairsinge a chuimsiú in 2021, agus táthar ag súil leis go gcuirfear i gcrích é faoi ráithe 4 2021.

Forbraíodh scéimeanna nua cistithe, Deontas Tacaíochta Athoscailte agus scéim Deontais Caipitil Covid-19 san áireamh, chun tacú le seirbhísí i rith na paindéime, agus tabharfar faoi ghníomhaíocht chomhlíonta/fíoraithe do na scéimeanna speisialta sin le haghaidh phaindéim Covid-19 freisin.

Maidir le comhlíonadh foriomlán, tá an Roinn ag tabhairt faoi athbhreithniú ar an gCreat Comhlíonta, lena n-áirítear sraith mhéadaitheach smachtbhannaí agus tacaí chun feabhas a chur ar chomhlíonadh seirbhísí. Creat trí bliana é seo a bhfuil de chuspóir aige dul i ngleic le leibhéil chomhlíonta laistigh den earnáil agus lean sé le torthaí dearfacha a bhaint amach. Beartaíonn an Roinn Creat breisithe a sholáthar in 2021.

Bhí an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (an SNCL) a tugadh isteach ag deireadh 2019 ceaptha chun feabhas suntasach a chur ar an seasamh foriomlán maidir le rialachas agus comhlíonadh rialacha na scéime i measc soláthraithe. Tionóladh Grúpa Oibre Comhlíonta an SNCL go déanach in 2019 i dtreo nósanna imeachta a dhéanamh foirmiúil, agus leanadh le hobair ar an réimse sin in 2020. Tá athbhreithniú le déanamh ar an SNCL i ndiaidh a chéad bhliana ar aon dul leis an Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2018. Cuireadh tús leis an athbhreithniú sin in 2021 agus tá súil leis go gcuirfear i gcrích é faoi dheireadh 2021.

Cuireadh iarmhéid féichiúnaithe thart ar €3.97 milliún in aghaidh gach cláir Roinne i gcuntas i bpróiseas bainistíochta fiachais Pobal ag deireadh 2020. Áiríodh leo sin cláir seachas na scéimeanna LFC agus CAS a oibríodh sa bhliain sin, agus bhain thart ar €3 mhilliún le tionscadail chaipitil stairiúla a ghabh siar go dtí an tréimhse 2000-2010. Tá ardchéimeanna bainte amach ag an Roinn agus Pobal chun comhaontú a dhéanamh ar phróiseas chun an fiachas stairiúil sin a bhainistiú. Cé gur cuireadh moill ar chomhaontú a dhéanamh ar an bpróiseas seo in 2020 mar gheall ar Covid-19, leantar le dul chun cinn a dhéanamh agus tá súil leis go dtabharfar próiseas chun críche in 2021. Leagfar nós imeachta amach freisin sa phróiseas bainistíochta féichiúnaithe sin chun na fiachais siúd a shainaithint agus a chóireáil a bhféadfaí a mheas nach féidir iad a aisghabháil, faoi réir comhaontú.

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige

24 Meán Fómhair 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.Níl baint ná páirt agam le Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.*

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur tharla cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh rialacha soláthair maidir le conarthaí a d'oibrigh in 2020.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2021

# Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Clár tacaíochta leanaí agus teaghlaigh | 880,174 | 876,045 | | 835,876 |
| B | Cláir earnála do leanaí agus daoine óga | 686,333 | 600,685 | | 654,520 |
| C | Clár beartais agus reachtaíochta | 34,687 | 27,621 | | 27,379 |
| D | Sochaí chothrom ionchuimsitheach | 26,770 | 19,530 | | — |
| E | Córas cóir éifeachtúil tacaíochta d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta | 208,637 | 189,109 | | — |
| **Ollchaiteachas** | | **1,836,601** | **1,712,990** | | **1,517,775** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **36,530** | **35,646** | | **27,064** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,800,071** | **1,677,344** | | **1,490,711** |

**Farasbarr**

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena géilleadh don Státchiste.

Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €4.1 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'fhotheideal A.4, B.5 agus B.11 anonn go dtí 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 122,726,899 | 6,964,619 |
| Géilleadh iarchurtha | (4,100,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **118,626,899** | **6,964,619** |

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 1,687,215 | 1,500,731 |
| Pá | | 21,711 | 14,964 |
| Neamhphá | | 4,064 | 2,080 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,712,990** | **1,517,775** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **35,646** | **27,064** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,677,344** | **1,490,711** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (2,050) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 23 | | |
| Dímheas | 1,781 | (246) | (335) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar stoc | 1 | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (8,235) | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 1,180 | (7,054) | (3,548) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **1,670,044** | **1,486,828** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 6,050 | 5,728 |
| **Glanchostas an chláir** | | **1,676,094** | **1,492,556** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna measta a leanas i dtaca le Vóta 40 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 38 | 30 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,825 | 1,443 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,751 | 4,211 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 49 | 31 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 355 | — |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 32 | 13 |
| | | **6,050** | **5,728** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 67,440 | 57,237 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 31,979 | (4,851) |
| Stoic | | 5 | 6 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 15,517 | 7,282 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 246 | 7,091 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **47,747** | **9,528** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,788 | 608 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 2,652 | 954 |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | 2.6 | 24,314 | — |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 5,259 | 1,286 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **34,013** | **2,848** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 13,734 | 6,680 |
| **Glansócmhainní** | | **81,174** | **63,917** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.8 | **81,174** | **63,917** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán, feistis agus mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 60,998 | 533 | 821 | 62,352 |
| Breiseanna | 196 | 1,854 | — | 2,050 |
| Coigeartuithe [a] | — | 12,390 | — | 12,390 |
| Aistriú sócmhainní | — | 41 | 147 | 188 |
| Diúscairtí | — | — | (46) | (46) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 61,194 | 14,818 | 922 | 76,934 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 4,687 | 222 | 206 | 5,115 |
| Coigeartuithe [a] | — | 2,478 | — | 2,478 |
| Dímheas don bhliain | 1,224 | 472 | 85 | 1,781 |
| Dímheas carnach ar aistrithe | — | 36 | 107 | 143 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (23) | (23) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 5,911 | 3,208 | 375 | 9,494 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **55,283** | **11,610** | **547** | **67,440** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 56,311 | 311 | 615 | 57,237 |

Nóta [a] Áirítear le trealamh oifige coigeartuithe a bhaineann le caiteachas maidir le bonneagar TF na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí a d'fhorbair Pobal i gcaitheamh na tréimhse ó 2016 go 2019.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta (PMG) | 31,974 | (5,112) |
| Iarmhéideanna eile bainc | 5 | 261 |
| | **31,979** | **(4,851)** |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pobal | 4,106 | 7,050 |
| Ceadúnais thréimhsiúla, síntiúis, árachas, etc. [a] | 11,411 | 232 |
| | **15,517** | **7,282** |

Nóta [a] Léirítear san athrú ar an leibhéal réamhíocaíochtaí idir 2020 agus 2019 an t-athrú ar struchtúr na Roinne tar éis an aistrithe feidhmeanna agus caiteachas agus réamhíocaíochtaí a chur ar áireamh maidir le Cóiríocht d'Iarrthóirí Cosanta Idirnáisiúnta ó 2020.

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Airleacain d'OOP | 1 | 32 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 121 | 80 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe taistil | — | 5 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 124 | 6,974 |
| | **246** | **7,091** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 599 | 415 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 412 | 311 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 61 | 127 |
| Cáin bhreisluacha | 36 | 79 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 6 | 3 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 114 | 84 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 210 | (17) |
| | 1,438 | 1,002 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 1,214 | (48) |
| | **2,652** | **954** |

## 2.6 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fáltais ó AE | **24,314** | — |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 118,627 | 6,965 |
| Géilleadh iarchurtha | 4,100 | — |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (117,468) | (5,679) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **5,259** | **1,286** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 246 | 7,091 |
| | 246 | 7,091 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 31,979 | (4,851) |
| Dlite don Stát | (1,438) | (1,002) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (1,214) | 48 |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | (24,314) | |
| | 5,013 | (5,805) |
| | **5,259** | **1,286** |

## 2.8 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 63,917 | 59,949 |
| Coigeartú | | | 9,912 | 85 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,800,071 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (4,100) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (118,627) | | |
| Glanvóta | | | 1,677,344 | 1,490,711 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 6,050 | 5,728 |
| Coigeartú - glanaistriú sócmhainní | 2.1 | | 45 | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (1,676,094) | (1,492,556) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **81,174** | **63,917** |

## 2.9 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 35,347 | 2,963 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil | 10 | 724 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **35,357** | **3,687** |

## 2.10 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | **1,534** | **323** |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ag deireadh 2020 ná ag deireadh 2019.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt i measc na gclár, chun costálacha cláir a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 24,071 | 21,711 | 14,964 |
| ii | Taisteal agus cothú | 237 | 102 | 194 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha | 1,266 | 1,221 | 685 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 284 | 113 | 92 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 948 | 1,025 | 562 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,457 | 1,533 | 388 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 602 | 70 | 159 |
| | | **28,865** | **25,775** | **17,044** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar cuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €237,000; toradh €102,000*

Ba é ba chúis leis an difríocht €135,000 ná gur cuireadh bac ar thaisteal mar gheall ar an bpaindéim.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €284,000; toradh €113,000*

Ba é ba chúis leis an difríocht €171,000 ná go raibh na costais ar chianoibriú ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus gur braitheadh ní ba mhó ar fhoirmeacha leictreonacha cumarsáide.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €602,000; toradh €70,000*

Ba é ba chúis a bhí leis an difríocht €532,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná tionchair na paindéime ar oibríochtaí na Roinne.

## Clár A Tacaíocht do leanaí agus teaghlaigh

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 3,894 | 3,511 | 2,544 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | 585 | 496 | 354 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 838,872 | 840,080 | 809,216 |
| A.4 | Ceartas i leith an aosa óig – Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh san áireamh | 27,978 | 23,831 | 23,762 |
| A.5 | Oifig na gCaomhnóirí ad Litem | 845 | 127 | — |
| A.6 | Costais na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach a bhain le paindéim Covid-19 | 8,000 | 8,000 | — |
| | | **880,174** | **876,045** | **835,876** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €4.1 milliún ní b’ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach báire.

**A.4 Ceartas i leith an aosa óig – Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh san áireamh**

*Soláthar meastacháin €27.978 milliún; toradh €23.831 milliún*

Ba iad moilleanna a bhí ann maidir le caipiteal mar gheall ar an bpaindéim tar éis oibreacha a chur ar feitheamh agus ónar eascair coigilteas €3.1 milliún ba chúis leis an easnamh €4.147 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Chuir leibhéil laghdaithe earcaíochta freisin le coigilteas lenar fritháiríodh an tionchar a imríodh ar chaiteachas ar líon níos airde pinsinéirí ná mar a cuireadh san áireamh sa bhuiséad. Baineadh roinnt coigilteas amach freisin i gcaiteachas neamhphá agus baineadh leibhéil chaiteachais ní b’ísle ná mar a bhíothas ag súil leis amach mar gheall ar roinnt tosca, coigilteas mar gheall ar phaindéim Covid-19 san áireamh.

**A.5 Oifig Feidhmiúcháin na gCaomhnóirí ad Litem**

*Soláthar meastacháin €845,000; toradh €127,000*

Léirítear san easnamh caiteachais €718,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunú Oifig Feidhmiúcháin na gCaomhnóirí ad Litem a chur ar fionraí mar fhreagairt do mhoilleanna ar an reachtaíocht atá mar bhonn agus thaca aici a achtú agus tionchar na paindéime ar oibríochtaí na Roinne.

## Clár B Cláir earnála do leanaí agus daoine óga

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | 6,748 | 6,087 | 5,986 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 1,002 | 849 | 832 |
| B.3 | Cláir réamhscoile COLÓ agus AIM | 250,196 | 243,661 | 332,465 |
| B.4 | An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir chúraim leanaí eile | 154,430 | 118,772 | 164,424 |
| B.5 | Cláir chúraim leanaí: tacaí soláthair agus tionscnaimh eile | 76,216 | 62,796 | 70,554 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (arna maoiniú go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta) | 65,889 | 64,701 | 62,369 |
| B.7 | Cláir choisc agus luath-idirghabhála | 9,500 | 9,278 | 8,897 |
| B.8 | Cláir idirghabhála do leanaí agus daoine óga (arna maoiniú ag ciste na gcuntas díomhaoin) | 10,508 | 9,586 | 7,046 |
| B.9 | An Clár Síochána agus Athmhuintearais | 2,244 | 2,244 | 1,884 |
| B.10 | Éire Ildánach | 100 | 14 | 63 |
| B.11 | Tacaí COVID-19 a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCL) agus le Cúram Leanaí ar Aois Scoile (CLAS) | 109,500 | 82,697 | — |
| | | **686,333** | **600,685** | **654,520** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €85.7 milliún ní b’ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach.

**B.4 An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir chúraim leanaí eile**

*Soláthar meastacháin €154.43 milliún; toradh €118.772 milliún*

Ba í an phríomhchúis leis an easnamh caiteachais €35.658 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin coigilteas a d’eascair as na scéimeanna a bheith stoptha i rith mhí Aibreáin, mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh mar gheall ar an bpaindéim. Anuas air sin, bhí an glacadh tar éis na hathoscailte faoi bhun na leibhéal a beartaíodh i dtosach. Tugtar faoi deara gur bunaíodh fotheideal B.11 chun caiteachas ar thionscnaimh a bhaineann le Covid-19 a chur i gcuntas maidir le FCL agus CLAS.

**B.5 Cláir chúraim leanaí: tacaí soláthair agus tionscnaimh eile**

*Soláthar meastacháin €76.216 milliún; toradh €62.796 milliún*

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €13.42 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná tionchar na paindéime. Tugtar faoi deara gur bunaíodh fotheideal B.11 chun caiteachas ar thionscnaimh a bhaineann le Covid-19 a chur i gcuntas maidir le FCL agus CLAS.

**B.8 Cláir idirghabhála do leanaí agus daoine óga**

*Soláthar meastacháin €10.508 milliún; toradh €9.586 milliún*

Ba iad moilleanna ar thionscadail agus ar chaiteachas gaolmhar ba chúis leis an easnamh caiteachais €922,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

**B.11 Tacaí COVID-19 a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCL) agus le Cúram Leanaí ar Aois Scoile (CLAS)**

*Soláthar meastacháin €109.5 milliún; toradh €82.697 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an easnamh €26.803 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná an glacadh le tionscnaimh a bhaineann le paindéim Covid-19 a bheith ní b'ísle ná mar a soláthraíodh sa bhuiséad.

## Clár C Beartas agus reachtaíocht

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | 8,061 | 7,271 | 6,435 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | 1,197 | 1,015 | 894 |
| C.3 | Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha | 539 | 2 | 245 |
| C.4 | An Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta agus cláir eile thaighde | 3,210 | 2,380 | 2,937 |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 6,048 | 5,458 | 7,121 |
| C.6 | Údarás Uchtála na hÉireann | 5,667 | 5,151 | 4,462 |
| C.7 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2,865 | 2,450 | 2,500 |
| C.8 | Coimisiún Imscrúdúcháin | 3,792 | 2,354 | 2,785 |
| C.9 | Ciste Magdalen [a] | 3,308 | 1,540 | — |
| | | **34,687** | **27,621** | **27,379** |

Nóta [a] cuireadh suimeanna toraidh 2019 d'fhotheideal C.9 – Ciste Magdalen (€4.9 milliún) i gcuntas sa chuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas.

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €7.1 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach.

**C.3 Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €539,000; toradh €2,000*

Ba é cineál inathraithe an chaiteachais san fhotheideal agus na deacrachtaí a d'eascair, go ginearálta, as na torthaí agus na costais a thuar a bhaineann le cásanna agus ceisteanna dlí ba chúis leis an easnamh caiteachais €537,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

**C.4 An Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta agus cláir eile thaighde**

*Soláthar meastacháin €3.21 milliún; toradh €2.38 milliún*

Ba é coigilteas costais a rinneadh i ngeall ar athruithe ar chineál na hoibre allamuigh mar gheall go bhfuil níos mó oibre den sórt sin á dhéanamh ó chian ba chúis leis an easnamh caiteachais €830,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

**C.5 Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile**

*Soláthar meastacháin €6.048 milliún, toradh €5.458 milliún*

Ba é gannchaitheamh i measc roinnt clár a bhain go príomha le tionchair Covid-19 inar cuireadh moilleanna ar fheachtais sceidealaithe agus inar cuireadh siar iad i measc gach réimse den fhotheideal ba chúis leis an easnamh caiteachais €590,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Bhain an t-aistriú chuig réitigh chianoibrithe roinnt coigiltis amach freisin.

**C.6 Údarás Uchtála na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €5.667 milliún; toradh €5.151 milliún*

Ba iad costais foirne ní b'ísle a tháinig aníos mar gheall ar mhoilleanna ar fholúntais a líonadh ba phríomhchúis leis an easnamh caiteachais €516,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

**C.7 Oifig an Ombudsman do Leanaí**

*Soláthar meastacháin €2.865 milliún; toradh €2.45 milliún*

Ba iad na moilleanna ar fholúntais foirne a líonadh in Oifig an Ombudsman do Leanaí agus caiteachas pleanáilte na hoifige a fritháiríodh le roinnt costais bhreise TF ba chúis leis an easnamh caiteachais €415,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

**C.8 Coimisiún Imscrúdúcháin**

*Soláthar meastacháin €3.792 milliún; toradh €2.354 milliún*

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh €1.438 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná costais ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis a bhain leis an gCoimisiún, tionchar ar chaiteachas na paindéime san áireamh.

**C.9 Ciste Magdalen**

*Soláthar meastacháin €3.308 milliún; toradh €1.54 milliún*

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh €1.768 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná costais ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus mar gheall go raibh an caiteachas faoi stiúir éilimh, bunaithe ar iarratais a fuarthas.

## Clár D Sochaí chothrom ionchuimsitheach

| | | 2020 | | 2019 [a] |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 755 | 681 | — |
| D.2 | Riarachán − neamhphá | 375 | 318 | — |
| D.3 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 4,844 | 4,218 | — |
| D.4 | Imeascadh dídeanaithe agus imirceach | 7,055 | 4,345 | — |
| D.5 | Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta bhan | 525 | 525 | — |
| D.6 | Tionscnaimh an Lucht Siúil agus Romach | 3,880 | 3,579 | — |
| D.7 | Gníomhartha Dearfacha ar son Comhionannas Inscne | 4,905 | 1,825 | — |
| D.8 | Tionscnaimh Chomhionannais agus LGBTI+ | 931 | 779 | — |
| D.9 | Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | 3,500 | 3,260 | — |
| | | **26,770** | **19,530** | **—** |

Nóta [a] Cuireadh suimeanna toraidh 2019 i gcuntas sa chuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas.

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €7.2 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach.

**D.3 An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**

*Soláthar meastacháin €4.844 milliún; toradh €4.218 milliún*

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €626,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná moilleanna ar thionscadail a thabhairt chun cinn agus a thosú mar thoradh ar thionchar na paindéime agus ceisteanna eile.

**D.4 Imeascadh dídeanaithe agus imirceach**

*Soláthar meastacháin €7.055 milliún; toradh €4.345 milliún*

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €2.71 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná an phaindéim agus an fhíric gur cuireadh isteach ar thaisteal ag misin mar gheall ar shrianta taistil idirnáisiúnta.

**D.6 Tionscnaimh an Lucht Siúil agus Romach**

*Soláthar meastacháin €3.88 milliún; toradh €3.579 milliún*

Ba ghannchaitheamh a bhain go príomha le tionchair Covid-19 ba chúis leis an easnamh caiteachais €301,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Dúnadh na tionscadail oideachais agus fostaíochta go léir go tobann i mí an Mhárta agus níor bronnadh aon mhaoiniú breise ar chuid díobh in 2020. Bhí forchostais, taisteal agus cothú agus ábhair inchaite uile faoi bhun an bhuiséid mar gheall ar an bpaindéim.

**D.7 Gníomhartha Dearfacha ar son Comhionannas Inscne**

*Soláthar meastacháin €4.905 milliún; toradh €1.825 milliún*

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €3.08 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná tionchar na paindéime agus an fhíric nár íostarraing tionscadail cheadaithe suimeanna sceidealaithe de réir mar a mhoilligh tionscadail agus mar a chuir siad síneadh lena ndátaí deiridh.

**D.8 Tionscnaimh Chomhionannais agus LGBTI+**

*Soláthar meastacháin €931,000; toradh €779,000*

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €152,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná gur chuir srianta na paindéime isteach ar ghníomhaíochtaí pleanáilte, agus mar gheall gur dúnadh go leor de na heagraíochtaí a dtacófaí leo tríd an maoiniú seo ar feadh tréimhsí fada den bhliain.

**D.9 Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta**

*Soláthar meastacháin €3.5 milliún; toradh €3.26 milliún*

Ba é chaiteachas ní b’ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar thionscadal córas TF, ar cuireadh moill ar a thosú, ba chúis leis an easnamh caiteachais €240,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

## Clár E Córas tacaíochta cothrom éifeachtúil d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta

| | | 2020 | | 2019 [a] |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| E.1 | Riarachán – pá | 4,613 | 4,161 | — |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 1,635 | 1,386 | — |
| E.3 | An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | 1,769 | 355 | — |
| E.4 | Cóiríocht d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta | 200,620 | 183,207 | — |
| | | **208,637** | **189,109** | **—** |

Nóta [a] Cuireadh suimeanna toraidh 2019 i gcuntas sa chuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas.

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €19.5 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach.

**E.3 Ciste Imirce agus Imeasctha Tearmainn**

*Soláthar meastacháin €1.769 milliún; toradh €355,000*

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €1.414 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná an phaindéim agus mar gheall gur tháinig moilliú ar thionscadail agus ar íostarraingtí.

**E.4 Cóiríocht d'Iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €200.62 milliún; toradh €183.207 milliún*

Léirítear san easnamh caiteachais €17.413 milliún tionchair phaindéim Covid-19. Bhí brúnna suntasacha ann maidir le trealamh cosanta pearsanta (TCP), riachtanais scartha shóisialta agus an gá atá le spás breise inar theastaigh coraintín/aonrú a dhéanamh chun déileáil le cásanna Covid-19. Rinne an phaindéim difear don éileamh ar chóiríocht freisin, áfach, tar éis stop a chur leis na líonta iontrálaithe nua a raibh cosaint idirnáisiúnta á lorg acu ó mhí an Mhárta 2020 i leith. Anuas air sin, cuireadh moill ar chaiteachas pleanáilte ar uasghráduithe ar ionaid. Léirítear sa leithdháileadh cur chuige stuama buiséadaithe leis an réimse caiteachais a chur san áireamh i dtréimhse éiginnteachta agus nuair ba lú an toradh deiridh ná an méid a leithdháileadh.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Scéim aoisliúntais - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 8,974 | 8,933 | 8,039 |
| 2 | Scéim aoisliúntais – foireann neamhtheagaisc Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 547 | 653 | 592 |
| 3 | Scéim aoisliúntais - Údarás Uchtála na hÉireann | 1 | — | — |
| 4 | Scéim aoisliúntais - Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2 | — | 34 |
| 5 | Ilghnéitheach | 574 | 507 | 570 |
| 6 | Fáltais ó chiste na gcuntas díomhaoin | 10,508 | 9,585 | 7,039 |
| 7 | An Clár Síochána agus Athmhuintearais | 2,373 | 1,839 | 1,085 |
| 8 | Fáltais ó AE | 6,000 | 5,444 | — |
| 9 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 7,551 | 8,685 | 9,705 |
| | **Iomlán** | **36,530** | **35,646** | **27,064** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar fháltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €884,000 ní b'ísle ná mar a tuaradh.

**2 Scéim aoisliúntais – foireann neamhtheagaisc Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh**

*Soláthar meastacháin €547,000; réadaithe €653,000*

Baineann na fáltais farasbairr go díreach le costais phárolla a bhí ní ba mhó ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar roinnt tosca, cosúil le foireann bhreise a earcú mar fhreagairt don phaindéim, athruithe ar struchtúr an tseala uainchláir, a d'imir tionchar ar phá préimhe agus saoire bhliantúil a íoc go haisghníomhach leis an bhfoireann fónaimh agus le foireann a chuaigh ar scor a fabhraíodh.

**6 Fáltais ó chiste na gcuntas díomhaoin**

*Soláthar meastacháin €10.508 milliún; réadaithe €9.585 milliún*

Léirítear san easnamh €923,000 an caiteachas ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar fhotheideal B.8, atá á mhaoiniú ag ciste na gcuntas díomhaoin.

**7 An Clár Síochána agus Athmhuintearais**

*Soláthar meastacháin €2.373 milliún; réadaithe €1.839 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh €534,000 ná gur dheacair uainiú na bhfáltas ó AE a thuar go cruinn.

**8 Fáltais ó AE**

*Soláthar meastacháin €6 mhilliún; réadaithe €5.444 milliún*

Is é €6 mhilliún meastachán ar an méid airgid a bhí le teacht ó fháltais AE in 2020. Ach is é €5.444 milliún an toradh a bhí ann ó thaobh íocaíochtaí de ó AE maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht in 2020. Uaireanta, ní bhíonn an leibhéal gníomhaíochta i dtionscadal faoi leith chomh hard is a bhítear ag súil leis de bharr cúinsí áirithe, mar shampla moill ar dhaoine a earcú nó nach raibh an méid rannpháirtíochta ó dhaoine chomh gníomhach is a bhítear ag súil leis. Bíonn na leithreasaí-i-gcabhair a fhaightear gach bliain bunaithe ar na héilimh a dhéantar agus na híocaíochtaí a fhaightear ó AE. Dá bhrí sin, bíonn sé deacair a bheith cruinn ceart maidir leis an leithreasaí-i-gcabhair a fhaightear in aon bhliain faoi leith.

**9 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair poiblí**

*Soláthar meastacháin €7.551 milliún; réadaithe €8.685 milliún*

Bhí an méadú €1.134 milliún go príomha mar thoradh ar leibhéil athraithe i soláthar foirne agus ar an aistriú feidhmeanna, anuas ar an tionchar a d’imir tosú an t-athbhunú pá in 2020.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | (158) | 226 |
| Fáltais: Pobal | 4,482 | 3,981 |
| Bons Secours | 2,500 | — |
| BOOnna | 226 | 324 |
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 67 | 39 |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 25 | — |
| Eile | 132 | 111 |
| A aistríodh chuig an Státchiste | (6,736) | (4,839) [a] |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **538** | **(158)** |

Nóta [a] Cuimsítear in aistriú 2019 suim €526,050 a catagóiríodh go mícheart mar fháltais bhreise Státchiste don bhliain 2019. Aisíocadh an tsuim sin leis an Vóta ina dhiaidh sin in 2020.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 365 | 277 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin | 11 | 17 |
| Gníomhaireachtaí na Roinne (nóta 5.2) | 4,938 | 4,420 |
| | **5,314** | **4,714** |

## 5.2 Pá

### Luach saothair fhoireann na Roinne

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 21,421 | 15,483 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 100 | 103 |
| Ragobair | 100 | 19 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,771 | 1,210 |
| **Pá iomlán** [a] | **23,392** | **16,815** |

Nóta [a] Dáiltear figiúr an phá iomláin i measc fhotheidil A.1, B.1, C.1, D.1, E.1 agus C.8.

### Foireann ghníomhaireachtaí na Roinne

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 260,248 | 229,966 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise bhreise | 12,388 | 11,057 |
| Liúntais eile | 46 | 62 |
| Ragobair | 1,126 | 859 |
| ÁSPC Fostóra | 27,520 | 23,751 |
| **Pá iomlán** | **301,328** | **265,695** |

Nóta Ní idirbheart díreach airgeadais de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí. Tá faisnéis bhreise maidir le líon na bhfostaithe agus pá fostaithe i dtaobh ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 13 | 3 | 20,614 | 20,614 |
| Liúntais eile | 3 | — | 2,730 | 2,761 |
| Ragobair | 19 | — | 3,180 | 9,607 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2 | — | 2,564 | 12,347 |
| **Foireann ghníomhaireachtaí na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 983 | 127 | 23,526 | 22,900 |
| Liúntais eile | 64 | — | 7,218 | 8,668 |
| Ragobair | 573 | 17 | 26,445 | 19,294 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 441 | 46 | 33,598 | 29,560 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 10 | 17,118 | 7,733 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 6 | 15,161 | 2,091 |

Nóta Rinneadh trí ró-íocaíocht a fhorchúiteamh go hiomlán ó dheireadh 2020 i leith, agus tá bainistiú agus cur chun cinn á ndéanamh ag an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (ISCP) ar phleananna forchúitimh d'fhuílleach na ró-íocaíochtaí.

## 5.5 Socruithe luach saothair eile

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €116,970 (tuarastal, aoisliúntas fostóirí agus ÁSPC an Fhostóra san áireamh) maidir le beirt oifigeach a bhí ar seirbhís lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 ar fad nó ar feadh nó cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail: bhí oifigeach amháin ar iasacht d'Ollscoil Luimnigh agus bhí an t-oifigeach eile ar iasacht do FSS.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/Iomarcaíocht

In 2020, íocadh scaoilíocaíochtaí dar luach iomlán €71,536 agus íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach iomlán €24,108 le ceathrar ball foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Íocaíochtaí le Pobal

I gcomhréir le beartas cuntasaíochta na Roinne, gearradh an ghlansuim a aistríodh chuig Pobal sa bhliain (€518.256 milliún) ar na fotheidil ábhartha faoi mar a leagtar amach thíos.

In 2020, d'aisíoc Pobal cistí dar luach iomlán €5.718 milliún leis an Roinn. Aisíocadh na cistí go léir a bhaineann leis an mbliain reatha leis na fotheidil ábhartha. Aisíocadh na cistí go léir a bhaineann le blianta roimhe seo leis an Státchiste mar fháltais Státchiste bhreise (féach nóta 4.2).

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Fotheideal** | | | |
| B.3 | COLÓ agus Cláir Réamhscoile AIM | 243,661 | 332,403 |
| B.4 | An Scéim Cúraim Leanaí Inacmhainne agus cláir chúraim leanaí eile | 118,772 | 164,424 |
| B.5 | Cláir chúraim leanaí: tacaí soláthair agus tionscnaimh eile | 55,213 | 62,864 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (arna maoiniú go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta) | 12,260 | 11,557 |
| B.8 | Cláir idirghabhála do leanaí agus daoine óga (arna maoiniú go páirteach ag ciste na gcuntas díomhaoin) | 3,898 | 809 |
| B.11 | Tacaí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile a bhaineann le Covid-19 | 82,697 | — |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 1,755 | 1,291 |
| | **An t-iomlán a íocadh le Pobal** | **518,256** | **573,348** |

| | |
|---|---|
| Nóta | Riarann Pobal líon mór clár deontais thar ceann na Roinne. Bhí ceangaltais deontais dar luach iomlán €4.1 milliún ag Pobal ag an 31 Nollaig 2020 a bhain le cláir a riaradh thar ceann na Roinne. |

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe** | | | | | | |
| Díobháil i gcaitheamh obair a dhéanamh | 20 | 12 | 31 | 29 | 72 | 255 |
| Éilimh eile | 3 | 9 | 210 | — | 219 | — |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | | | | | | |
| Éileamh díobhála pearsanta [a] | 9 | 11 | 58 | 15 | 84 | — |
| Agóid in aghaidh Reifreann na Leanaí | — | — | — | — | — | 245 |
| | **32** | **32** | **299** | **44** | **375** | **500** |

Nóta [a] Cásanna lenar bhain cónaitheoirí reatha/iarchónaitheoirí Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

## 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Calaois | — | — | 14 |
| Calaois amhrasta | 1 | 65 | — |

Nóta Níor tugadh le fios go raibh aon teagmhais chalaoise ann laistigh den Roinn. Tugadh teagmhas amháin calaoise le fios a tharla i soláthraí seirbhíse a raibh cistí Vótáilte á bhfáil acu in 2020. Meastar gurb ionann an tsuim seo agus €65,000.

## 6.4 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Bunaíodh an Coimisiún Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán agus Ceisteanna Gaolmhara Áirithe an 17 Feabhra 2015 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Choimisiún Imscrúdúcháin (Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Áirithe Gaolmhara), 2015 (I.R. Uimh. 57 de 2015).

Cuirtear caiteachas an Choimisiúin i gcuntas i bhfotheideal C.8 agus áirítear leis €1.737 milliún a bhaineann le costais phá.

| | Bliain an cheaptha | Caiteachas carnach go deireadh 2020 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.8 — Coimisiún Imscrúdúcháin — Árais Máithreacha agus Naíonán | 2015 | 14,789 | 2,354 | 2,785 |

## 6.5 Maoiniú Chrannchuir Náisiúnta

Tá Fotheideal B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige á mhaoiniú go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta.

| | 2020 Meastachán | 2020 Toradh | 2019 Toradh |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Fotheideal | | | |
| B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige | 64,723 | 63,847 | 62,369 |

## 6.6 Maoiniú ó AE

Áirítear leis an toradh a léirítear i bhFotheidil B.9, D.4 agus E.3 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht iad. Seo a leanas na meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír.

| | 2020 Meastachán | 2020 Toradh | 2019 Toradh |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Fotheideal | | | |
| B.9 – An Clár Síochána agus Athmhuintearais | 2,244 | 2,244 | 1,884 |
| D.4 – Imeascadh dídeanaithe agus imirceach | 7,055 | 4,345 | — |
| E.3 – An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | 1,769 | 355 | — |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta a cuireadh i láthair iad don Oireachtas.

| Ciste an Chomhlachta/na Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn é | An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas é |
|---|---|---|---|---|
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 2019 | 22 Nollaig 2020 | 5 Eanáir 2021 | 14 Eanáir 2021 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 2019 | 9 Samhain 2020 | 17 Samhain 2020 | 18 Nollaig 2020 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2019 | 30 M.F. 2020 | 5 Samhain 2020 | 1 Nollaig 2020 |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 2019 | 19 Meith. 2020 | 19 Meith. 2020 | 29 Meith. 2020 |
| An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 2019 | 22 M.F. 2020 | 23 M.F. 2020 | 1 Nollaig 2020 |